

## Tuairisciú ar ‘Réimsí Foghlama Eile’ i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Luaitear in [Imlitir 0015/2017 Na Socruithe i gcomhair Chur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach](#) ‘gur féidir le scoláirí páirt a ghlacadh in imeachtaí foghlama eile a bhíonn leagtha amach i gclár scoile don tSraith Shóisearach. Chuidseodh siad sin gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, tréadacha, eolaíochta, fiontraíochta agus eile a d’fhéadfadh cabhrú leis na 24 ráiteas foghlama agus leis na 8 bpríomhscil.’ Beidh solúbthacht nach beag ag scoileanna chun socrú a dhéanamh cén t-eolas is mian leo a chur san áireamh sa rannán seo den PGSS. Tugtar treoir chuimsitheach in [Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí \(PGSS\) Lámhleabhar do Scoileanna 2017](#) ar an gcaoi chun Bunachar Sonraí Iar-Bhunscoile Ar Líne (PPOD) a úsáid agus chun tabhairt faoin tuairisciú. Tugtar na pointí tagartha seo a leanas chun cabhrú le scoileanna i gceann phróiseas an tiomsúcháin agus an tuairiscithe ar Réimsí Foghlama Eile don PGSS.

### **Cén cineál foghlama a thuairiscítear sa rannán ar réimsí foghlama eile?**

Faightear anseo thíos roinnt moltaí a d’fhéadfadh scoil a chur san áireamh agus iad ag cinneadh céin sórt foghlama a ndéantar tuairisciú uirthi sa rannán ar Réimsí Foghlama Eile:

- Foghlaim scoláirí a **d’fhorbair** de thoradh rannpháirtíochta le gníomhaíochtaí comhchuraclaim nó seach-churaclaim a **chuir an scoil ar fáil ar nós** páirt a ghlacadh in aonach eolaíochta, rannpháirteachas in imeachtaí spóirt nó díospóireachta na scoile
- Saindeiseanna foghlama nach cuid d’ábhair ná de ghearrchúrsaí iad, mar shampla: oiliúint i gcúrsaí ceannaireachta; gníomhaíochtaí a bhaineann le treoirghairm; ballraíocht i gclubanna nó i gcumainn scoile; ballraíocht ar chomhairle mic léinn na scoile
- Sa rannán seo den PGSS, is féidir leis an scoil tagairt freisin do rannpháirtíocht scoláirí in eispéiris foghlama **ar chuid** de chlár foirmiúil sceidealaithe an churaclaim ach nach ndéantar tuairisc orthu i rannán eile den PGSS, cuir i gcás: páirt a ghlacadh i gclár reiligiúin na scoile féin; rannpháirtíocht le gnéithe de churaclam an Chorpoideachais (CO), Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus / nó Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP). Ina theannta sin, is féidir le scoileanna tagairt sa rannán seo d’idirghníomhaíocht scoláirí i ngearrchúrsaí nó in ábhair nár chríochnaigh an scoláire na measúnuithe foirmiúla iontu agus nár bronnadh aon tuairiscín ar a son. Mar shampla, scoláirí a aistríonn chuig suíomh difriúil nach bhfuil an t-ábhar ná an gearrchúrsa ar fáil ann, nó scoláirí nach geríochnaíonn ar chúis éigin na MRBanna ná an scrúdú deiridh.
- Is féidir leis an scoil gnéithe níos leithne tuairiscithe a chur san áireamh freisin, nó réimsí **ar nós** tinreamh, forbairt phearsanta agus shóisialta agus meonta foghlama.

## Cé mhéad tagairt do Réimsí Foghlama Eile is gá a dhéanamh, agus cén fócas ar chóir a bheith iontu sin?

Moltar go gcuirfeadh scoil idir trí agus cúig thagairt do Réimsí Foghlama Eile sa rannán seo le haghaidh gach scoláire. Tá teorainn 150 focal nó 760 carachtar sa rannán seo den PGSS, ag brath ar mhéid na clófhoirne, cineál na clófhoirne agus an leagan amach a úsáidtear (m.sh. tógfaidh pointí urchair suas níos mó spáis). Ba chóir go ndéodh sé ar aitheantas a thabhairt don fhoghlaim a baineadh amach (scileanna agus eolas) seachas ar na gníomhaíochtaí iad féin. Ba chóir an méid sin a choinneáil i gcuimhne agus cinntí á ndéanamh faoi na nithe atá le cur isteach sa PGSS.

## **Faighítear leis seo moltaí ar an gcaoi ar féidir le scoileanna sonraí / iontrálacha bhailiú agus a thiomsú ó scoláirí:**

- Le linn rang oide nó i gceacht OSPS: d'fhéadfadh múinteoirí scoláirí a threorú i gceacht machnaimh ar a gcuid eispéiris foghlama thar thréimhse na sraithe sóisearaí. Ag éirí as sin, thabharfadh scoláirí liosta de na heispéiris sin ar mhaith leo taifead a bheith déanta orthu ina PGSS.
- Mar chleachtadh machnaimh do scoláirí: D'fhéadfaí a shocrú go ndéanfaí machnamh ar éachtaí foghlama a phlé sa bhaile. Ba chóir scoláirí a spreagadh chun plé a dhéanamh lena dtuismitheoirí / lena gcaomhnóirí ar an tsraith eispéireas atá le taifead ar an PGSS acu.
- Féadfaidh múinteoirí taifead d'eispéiris shuntasacha foghlama scoláirí a choimeád le linn na sraithe sóisearaí agus **d'fhéadfadh siad cinneadh a dhéanamh**, i gcomhar leis an scoláire, cé na héachtaí ar chóir a chur san áireamh ina PGSS.

## **Samplaí de ráitis a dhíríonn ar theanga na foghlama:**

- Ghlac (ainm an scoláire) páirt i ndrámá scoile a léiriú agus d'fhoghlaim siad conas comhoibriú le daoine eile, iad féin a chur in iúl agus **cuir lena** gcuid scileanna cumarsáide.
- Chuaigh (ainm an scoláire) isteach i dTaispeántas Teicneolaíochta agus Eolaí Óg BT agus d'fhorbair siad a gcuid scileanna fiosrúcháin, taighde agus réitithe fadhbanna.
- Bhí (ainm an scoláire) ina bhall den fhoireann Chispheile agus sa cháilíocht sin léirigh siad díograis i leith traenáil foirne agus **comórtais**, agus d'fhorbair siad a gcuid inniúlachtaí teaiciciúla agus a gcuid scileanna.
- D'oibrigh (ainm an scoláire) go héifeachtach le daoine eile i dtionscadal gníomhaíochta grúpa le daoine eile chun feacht a ardú ar ghéarchéim na ndaoine gan dídean agus chun obair Fócas Éireann a chur chun cinn.
- Bhí (ainm an scoláire) ina bhall den Chomhairle Mic Léinn, **san áit ar** oibrigh siad le daoine eile agus inar thug siad ionadaíocht éifeachtach ar ghuth a ranga tríd an bplé a rinne siad.